Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5429/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0013(NLE)**

**PECHE 10**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 22 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 22 final.

Faoi iamh: COM(2022) 22 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.1.2022
COM(2022) 22 final

2022/0013 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 28 Meán Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle cinneadh[1] lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach tús a chur le caibidlíocht maidir le Prótacal nua a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht Oileán Mhuirís agus, más gá chun briseadh sna gníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, chun síneadh teoranta a chur leis an bPrótacal atá ann faoi láthair agus a ghabhann leis an gComhaontú (dá ngairtear 'Prótacal 2017-2021' anseo feasta), a chuaigh in éag an 7 Nollaig 2021.

I gcás ina dtógfadh an chaibidlíocht le haghaidh Prótacal nua a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileán Mhuirís níos mó ama ná mar a bhíothas ag súil leis[2], agus chun briseadh i ngníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, leagtar síos leis an gcinneadh sin ón gComhairle gur cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú le Rialtas Phoblacht Oileán Mhuirís maidir le síneadh a chur le Prótacal 2017-2021[3], ar feadh tréimhse teoranta nach faide ná 6 mhí, agus ag an am céanna leanúint d'iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú maidir le prótacal nua i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa chinneadh.

Mar gheall ar na srianta atá ann faoi láthair, go cianda amháin a d'fhéadfaí an chéad bhabhta caibidlíochta a reáchtáil an 6 Nollaig 2021 sa Bhruiséil agus in Port Louis (Poblacht Oileán Mhuirís). Le linn an chruinnithe, shocraigh na caibidleoirí ón Aontas Eorpach agus ó Phoblacht Oileán Mhuirís go mbeadh gá le roinnt babhtaí chun an chaibidlíocht a thabhairt chun críche mar gheall ar a chasta atá an chaibidlíocht. Dá bhrí sin, d'aontaigh an dá pháirtí síneadh a chur le Prótacal 2017-2021 ar feadh uastréimhse 6 mhí, i gcomhréir leis an gcinneadh sin ón gComhairle. Bunaíodh an síneadh trí bhíthin Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha lenar cuireadh inisealacha an 6 Nollaig 2021.

Ionas nach gcuirfear isteach go suntasach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta chabhlach an Aontais Eorpaigh a fheidhmíonn in uiscí Phoblacht Oileán Mhuirís, ba cheart Cinneadh ón gComhairle lena bhformhuinítear an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a ghlacadh a luaithe is féidir ionas go bhféadfaidh na páirtithe an comhaontú a shíniú agus na gníomhaíochtaí iascaireachta a atosú a luaithe is féidir.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún go n-údaróidh an Chomhairle síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Mhalartaithe Litreacha lena bhféadfar síneadh a chur le Prótacal 2017-2021 ar feadh uastréimhse 6 mhí.

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha síneadh a chur le cur i bhfeidhm Phrótacal 2017-2021 chun leanúint de dheiseanna iascaireachta a dheonú do shoithí de chuid an Aontais Eorpaigh in uiscí Oileán Mhuirís i gcomhréir le comhairle eolaíoch agus

---

[1] CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Poblacht Oileán Mhuirís chun Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís a thabhairt i gcrích (11508/21).

[2] De dheasca iarmhairtí a bhaineann leis an staid sláintíochta domhanda atá ann faoi láthair go háirithe, a eascraíonn as paindéim COVID-19.

[3] Prótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (IO L 279, 28.10.2017, lch. 3).

le moltaí an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh, laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil. Tá sé d'aidhm aige freisin leanúint den chomhar idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht Oileán Mhuirís a neartú, agus ar an gcaoi sin creat comhpháirtíochta a chruthú trínar féidir beartas iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt agus saothrú fónta a dhéanamh ar acmhainní iascaigh i limistéar iascaireachta Phoblacht Oileán Mhuirís, chun leas an dá pháirtí.

Le Prótacal 2017-2021, tugadh cead do chabhlach an Aontais iascaireacht a dhéanamh ar an tuinnín agus ar speicis atá cosúil leis an tuinnín in uiscí Oileán Mhuirís, le haghaidh deiseanna iascaireachta bliantúla táscacha 4 000 tona. Maidir leis sin, leis an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha maidir le síneadh 6 mhí ar a mhéad a chur leis an bPrótacal déantar foráil maidir le deiseanna iascaireachta táscacha 2 000 tona agus le ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar rochtain mar a leagtar amach í i bpointe 4 den Mheabhrán Míniúcháin seo a choigeartú dá réir.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

I gcomhréir le tosaíochtaí an athchóirithe ar an mbeartas iascaigh[4], leantar de dheiseanna iascaireachta a sholáthar do shoithí de chuid an Aontais in uiscí Oileán Mhuirís leis an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha maidir le síneadh a chur le cur i bhfeidhm Phrótacal 2017-2021, ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil agus de réir mholtaí an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh. Cuireann an Comhaontú ar chumas an Aontais Eorpaigh agus Phoblacht Oileán Mhuirís leanúint de bheith ag obair i ndlúthchomhar freisin ar mhaithe le saothrú fónta acmhainní iascaigh in uiscí Oileán Mhuirís a chur chun cinn agus tacú le hiarrachtaí Rialtas Phoblacht Oileán Mhuirís a earnáil iascaigh a fhorbairt, chun leas an dá pháirtí. Thairis sin, tá an comhar leanúnach le hOileán Mhuirís straitéiseach freisin i leith comhghuaillíochtaí agus ionadú an Aontais sa réigiún agus sa Choimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh go háirithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha maidir le síneadh a chur le Prótacal 2017-2021 ina chuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais i ndáil le tíortha ACC agus cuirtear san áireamh leis, go háirithe, cuspóirí an Aontais maidir le prionsabail an daonlathais agus cearta an duine a urramú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí a roghnaíodh, ar le hAirteagal 43(2) de a bhunaítear an Comhbheartas Iascaigh agus Airteagal 218(5) maidir leis an nós imeachta chun comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha a shíniú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir creat rialachais dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí de chuid an Aontais in uiscí tríú tír, mar a leagtar amach in Airteagal 31 den Rialachán lena mbunaítear an

[4] IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.

Comhbheartas Iascaigh. Comhlíontar na forálacha sin leis chomh maith leis na forálacha sin a bhaineann le cúnamh airgeadais do thríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

Is é is aidhm don síneadh 6 mhí a cuireadh leis an gcreat a leagtar síos le Prótacal 2017-2021, a chuaigh in éag an 7 Nollaig 2021, teorainn a chur le briseadh i ngníomhaíochtaí iascaireachta de chuid an chabhlaigh Eorpaigh atá ag feidhmiú in uiscí Oileán Mhuirís, ós rud é go bhfuil an próiseas caibidlíochta le haghaidh Prótacal nua fós ar siúl.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Chuathas i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara le linn na meastóireachta ar Phrótacal 2017-2021 maidir le hathnuachan an Phrótacail. Chuathas i gcomhairle le saineolaithe ó na Ballstáit freisin ag cruinnithe teicniúla. Baineadh de thátal as na comhairliúcháin sin go mbeadh sé tairbhiúil an Prótacal le Poblacht Oileán Mhuirís a athnuachan. Céim sa phróiseas caibidlíochta chun an Prótacal a athnuachan is ea an síneadh sin le Prótacal 2017-2021 atá beartaithe.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail, le heagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta agus le lucht riaracháin iascaigh agus le hionadaithe na sochaí sibhialta ó Phoblacht Oileán Mhuirís mar chuid den mheastóireacht. Reáchtáladh comhairliúcháin freisin faoi chuimsiú na Comhairle Comhairlí Fadraoin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'úsáid an Coimisiún sainchomhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante*, i gcomhréir le hAirteagal 31(10) den Rialachán lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é EUR 287 500 ranníocaíocht airgeadais bhliantúil an Aontais Eorpaigh le haghaidh 6 mhí, bunaithe ar na nithe seo a leanas:

(a) méid le haghaidh rochtain ar acmhainní iascaigh i gcás na gcatagóirí dá bhforáiltear sa Phrótacal, arna shocrú ag EUR 110 000 i gcomhair fhad an tsínidh leis an bPrótacal;

(b) tacaíocht d'fhorbairt bheartas earnála iascaigh Phoblacht Oileán Mhuirís dar luach EUR 110 000 i gcomhair fhad an tsínidh leis an bPrótacal. Leis an tacaíocht sin comhlíontar cuspóirí bheartas náisiúnta Phoblacht Oileán Mhuirís maidir le bainistíocht inbhuanaithe a cuid acmhainní muirí iascaigh i rith fhad iomlán an tsínidh leis an bPrótacal;

(c) tacaíocht d'fhorbairt an bheartais mhuirí agus gheilleagar na n-aigéan dar luach EUR 67 500;

Déantar an méid le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí a bhunú le linn an nóis imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, lena n-áirítear an líne chúltaca do phrótacail nár tháinig i bhfeidhm go fóill ag tús na bliana[5].

Sa Mhalartú Litreacha a bhaineann leis an síneadh, leagtar síos freisin clásal laghdaithe *pro rata* sa chás go síneofar é mar thoradh ar an gcaibidlíocht chun an Prótacal a athnuachan agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm ina dhiaidh sin sula rachaidh an síneadh 6 mhí in éag a bhfuil feidhm ag an Malartú Litreacha maidir leis.

[5] I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha (2013/C 373/01).

2022/0013 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís[6] ('an Comhaontú'), arna fhormheas le Cinneadh (AE) Uimh. 2014/146/AE ón gComhairle[7], i bhfeidhm an 28 Eanáir 2014.

(2) Cuireadh tús le cur i bhfeidhm an Phrótacail lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú ('an Prótacal')[8] an 8 Nollaig 2017 ar feadh tréimhse 4 bliana. Chuaigh an Prótacal sin in éag an 7 Nollaig 2021.

(3) An 28 Meán Fómhair 2021, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Poblacht Oileán Mhuirís chun Prótacal nua a thabhairt i gcrích chun an Comhaontú a chur chun feidhme[9].

(4) Go dtí go dtabharfar chun críche an chaibidlíocht maidir leis an bPrótacal a athnuachan, rinne an Coimisiún Comhaontú a chaibidil, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal ar feadh uastréimhse 6 mhí. Tugadh an chaibidlíocht maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal i gcrích go rathúil agus cuireadh inisealacha leis an Malartú Litreacha an 6 Nollaig 2021.

---

6 IO L 79, 18.3.2014, lch. 3.

7 Cinneadh ón gComhairle an 28 Eanáir 2014 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (IO L 79, 18.3.2014, lch. 2).

8 Prótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (IO L 279, 28.10.2017, lch. 3).

9 CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Poblacht Oileán Mhuirís chun Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís a thabhairt i gcrích (11508/21).

(5) Is é is aidhm don Chomhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha é a chur ar a gcumas don Aontas Eorpach agus do Phoblacht Oileán Mhuirís leanúint de bheith ag obair le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn, acmhainní iascaigh in uiscí Phoblacht Oileán Mhuirís a shaothrú ar bhealach fónta, agus ligean do shoithí de chuid an Aontais iascaireacht a dhéanamh sna huiscí sin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(7) Chun teorainn a chur leis an mbriseadh sa ghníomhaíocht iascaireachta a dhéanann soithí de chuid an Aontais in uiscí Phoblacht Oileán Mhuirís, ba cheart an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a chur i bhfeidhm go sealadach, go dtí go dtabharfar chun críche na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Thar ceann an Aontais Eorpaigh, formheastar síniú an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (‘an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha’), faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.

Tá téacs an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle ionstraim na lánchumhachtaí chun an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a shíniú, faoi réir a thabhairt i gcrích, i dtaca leis an duine arna shonrú ag an gCoimisiún.

*Airteagal 3*

Cuirfear an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i bhfeidhm go sealadach, i gcomhréir le mír 10 den Chomhaontú, amhail ón 1 Eanáir 2022 nó aon dáta eile ina dhiaidh sin tar éis a shínithe, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus na ranníocaíochtaí airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís, a chuaigh in éag an 7 Nollaig 2021. |

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| 08 – An talmhaíocht agus an beartas muirí<br>08 05 – Comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe (SFPAnna) agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh<br>08 05 01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí tríú tíortha. |

#### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

**☐ beart nua**

**☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**

10

**X síneadh le beart atá ann cheana**

**☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

## 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Le caibidlíocht agus tabhairt i gcrích na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPAnna) le tríú tíortha, comhlíontar an cuspóir ginearálta rochtain a thabhairt do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais ar limistéir iascaireachta tríú tíortha agus comhpháirtíocht a fhorbairt leis na tíortha sin d'fhonn saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh lasmuigh d'uiscí an Aontais a neartú.

Le SFPAnna áirithítear comhsheasmhacht freisin idir na prionsabail lena rialaítear an Comhbheartas Iascaigh agus na gealltanais a tugadh faoi bheartais Eorpacha eile (úsáid inbhuanaithe acmhainní tríú tíortha, iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a chomhrac, tíortha comhpháirtíochta a chomhtháthú sa gheilleagar domhanda agus rialachas polaitiúil agus airgeadais níos fearr ar iascach).

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

Cuspóir sonrach

Rannchuidiú le hiascaireacht inbhuanaithe in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad, láithreacht Eorpach a choinneáil ar bun in iascaigh i gcéin agus leasanna earnáil iascaigh na hEorpa agus tomhaltóirí a chosaint trí SFPAnna a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích le stáit chósta, i gcomhréir le beartais Eorpacha eile.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Gnóthaí muirí agus iascach, chun creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais Eorpaigh in uiscí tríú tíortha (SFPAnna) (líne bhuiséid 08 05 01).

*1.4.3. Na torthaí agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé spriocdhírithe.*

Trí shíneadh a chur le Prótacal 2017-2021 chuig an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh atá ann cheana, cuirfear teorainn leis an mbriseadh a dhéanann soithí Eorpacha i ngníomhaíochtaí iascaireachta, ós rud é go ndeachaigh an Prótacal in éag an 7 Nollaig 2021 agus go dtógfaidh sé tamall dul i mbun caibidlíochta agus Prótacal nua a ghlacadh. Beidh feidhm ag an síneadh ar feadh uastréimhse 6 mhí, go dtí go dtabharfar chun críche an chaibidlíocht maidir le hathnuachan an Phrótacail.

Leis an gComhaontú maidir le síneadh a chur le Prótacal 2017-2021, leantar de bhunú comhpháirtíocht straitéiseach iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht Oileán Mhuirís a éascú. Leis an gComhaontú lena gcuirtear síneadh leis an bPrótacal, leanfar freisin de bheith ag rannchuidiú le bainistíocht agus caomhnú níos fearr ar acmhainní iascaigh, trí bhíthin tacaíocht airgeadais (tacaíocht earnála) chun cláir arna nglacadh ag an tír chomhpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta a chur chun feidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar an iascaireacht

10 Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

neamhdhleathach agus í a chomhrac, agus tacaíocht d'earnáil an iascaigh ar mhionscála.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachan.*

Rátaí úsáide deiseanna iascaireachta (glacadh bliantúil na n-údaruithe iascaireachta mar chéatadán den infhaighteacht faoin bPrótacal).

Sonraí gabhála (bailiú agus anailís) agus luach tráchtála an Chomhaontaithe.

Rannchuidiú leis an bhfostaíocht agus le breisluach san Aontas agus le margadh an Aontais a chobhsú (ar bhonn comhiomlán le SFPAnna eile).

Rannchuidiú le feabhas a chur ar an taighde, ar an bhfaireachas agus ar an rialú a dhéanann an tír chomhpháirtíochta ar ghníomhaíocht iascaireachta agus le forbairt a hearnála iascaigh, go háirithe a hearnáil iascaigh ar mhionscála.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme an tionscnaimh*

Tá sé beartaithe go mbeidh feidhm shealadach ag an Malartú Litreacha lena gcuirtear síneadh leis an bPrótacal amhail ón 1 Eanáir 2022 nó aon dáta eile ina dhiaidh sin tar éis shíniú an Mhalartaithe Litreacha, chun teorainn a chur le briseadh sna hoibríochtaí iascaireachta tar éis do Phrótacal 2017-2021 dul in éag.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain mar gheall ar chomhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántacht). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a eascraíonn as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Mura dtabharfaidh an tAontas Prótacal nua i gcrích, cuirfidh sé sin bac ar ghníomhaíochtaí iascaireachta soithí de chuid an Aontais toisc go bhfuil clásal sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh lena n-eisiatar gníomhaíocht iascaireachta nach dtarlaíonn sa chreat a shainítear le prótacal a ghabhann leis an gComhaontú. Mar iarmhairt air sin, tá an breisluach do chabhlach fad-achair an Aontais an-soiléir. Déantar foráil leis an bPrótacal freisin maidir le creat le haghaidh comhar neartaithe idir an tAontas agus Poblacht Oileán Mhuirís. Céim sa phróiseas caibidlíochta chun an Prótacal a athnuachan is ea an Comhaontú maidir le síneadh a chur le Prótacal 2017-2021.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Mar gheall ar an anailís a rinneadh ar ghabhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann i gcrios iascaireachta Oileán Mhuirís, ar na measúnuithe atá ar fáil agus ar an gcomhairle eolaíoch, tá na Páirtithe tar éis tonnáiste tagartha 4 000 tona in aghaidh na bliana a shocrú le haghaidh an tuinnín agus speicis atá cosúil leis an tuinnín le deiseanna iascaireachta le haghaidh 40 soitheach peas-saighne tuinníní agus 45 shoitheach spiléireachta. Le tacaíocht earnála, cuirtear san áireamh riachtanais a bhaineann le fothú acmhainneachta laistigh d'údaráis iascaigh Phoblacht Oileán Mhuirís agus tosaíochtaí na straitéise náisiúnta iascaigh lena n-áirítear, go háirithe, taighde eolaíoch agus tionscnaimh rialaithe iascaireachta agus faireacháin.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

| |
|---|
| Is ioncam idirmhalartach i mbuiséad náisiúnta Phoblacht Oileán Mhuirís iad na cistí a chuirtear ar fáil mar chúiteamh airgeadais ar rochtain faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh. Mar sin féin, déantar cistí atá beartaithe le haghaidh tacaíocht earnála a leithdháileadh (go ginearálta trína n-áireamh sa dlí buiséadach bliantúil) ar an Aireacht atá freagrach as iascach, mar choinníoll chun SFPAnna a chur i gcrích agus faireachán a dhéanamh orthu. Tá na hacmhainní airgeadais sin comhoiriúnach d'fhoinsí eile maoinithe ó sholáthraithe eile maoinithe idirnáisiúnta chun tionscadail agus/nó cláir a chur i gcrích ar an leibhéal náisiúnta in earnáil an iascaigh. |

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí ath-imscaradh a dhéanamh*

| |
|---|
| Neamhbhainteach. |

**Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

**X tréimhse theoranta**

☐ I bhfeidhm ó 2022 go 2022

X Tionchar airgeadais in 2022 i gcomhair leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

Cur chun feidhme le tréimhse tosaithe ó BBBB go BBBB,

agus feidhm iomlán ina dhiaidh sin.

**Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[11]

**X Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

**X** a dhéanann a ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ a dhéanann na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí bhíthin cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☐ na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

[11] Tá mionsonraí na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

☐ comhlachtaí faoi rialú an dlí phríobháidigh agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid a sholáthraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ comhlachtaí faoi rialú dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú

*Sonraigh an mhinicíocht agus na coinníollacha.*

Áiritheoidh an Coimisiún (AS MARE), i gcomhar lena *attaché* iascaigh atá bunaithe i dToscaireacht an Aontais chuig Poblacht Oileán Mhuirís, go ndéanfar faireachán rialta ar chur chun feidhme an tsínidh le Prótacal 2017-2021 a mhéid a bhaineann le húsáid deiseanna iascaireachta ag oibreoirí, le sonraí gabhála agus leis na coinníollacha a chomhlíonadh a mbraitheann tacaíocht earnála orthu.

Déantar foráil sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh maidir le cruinniú bliantúil amháin ar a laghad den Chomhchoiste, ag a ndéanfaidh an Coimisiún agus Poblacht Oileán Mhuirís athbhreithniú ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh agus an Phrótacail lenar cuireadh síneadh agus, más gá, ag a gcoigeartóidh siad an clársceidealú agus, más infheidhme, an ranníocaíocht airgeadais.

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Is é an riosca a aithníodh tearc-úsáid na ndeiseanna iascaireachta ag úinéirí soithí de chuid an Aontais agus tearc-úsáid nó moill ar úsáid cistí ag Poblacht Oileán Mhuirís atá beartaithe chun an beartas earnála iascaigh a mhaoiniú.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí sin a mhaolú*

Tá sé beartaithe idirphlé cuimsitheach a bheith ann maidir le clársceidealú agus cur chun feidhme an bheartais earnála a leagtar síos sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh agus an Phrótacail lenar cuireadh síneadh. Tá comhanailís ar thorthaí mar chuid de na modhanna rialaithe sin freisin.

Ina theannta sin, tá clásail shonracha sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh agus sa Phrótacal lenar cuireadh síneadh lena gcur ar fionraí, faoi choinníollacha áirithe agus i gcúinsí áirithe.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas ‘costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú’) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

| |
|---|
| Glacann an Coimisiún mar chúram air féin idirphlé polaitiúil agus comhordú rialta a bhunú le Poblacht Oileán Mhuirís d’fhonn bainistíocht an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh agus an Phrótacail lenar cuireadh síneadh a fheabhsú agus d’fhonn rannchuidiú an Aontais le bainistíocht inbhuanaithe acmhainní a neartú. Aon íocaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún faoi SFPA, beidh sí faoi réir rialacha caighdeánacha agus nósanna imeachta buiséadacha agus airgeadais an Choimisiúin. Déantar cuntais bhainc na dtríú tíortha ina n-íoctar an ranníocaíocht airgeadais a shainaithint ina n-iomláine go háirithe. Foráiltear leis an bPrótacal go bhfuil an ranníocaíocht airgeadais le híoc isteach i gcuntas bainc Rialtais ainmnithe i bPoblacht Oileán Mhuirís. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál an chaiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[12] | ó thíortha de chuid CSTE[13] | ó thíortha is iarrthóirí[14] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | 08 05 01<br>Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí tríú tíortha | Difreáilte | Níl | Níl | Níl | Níl |

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál an chaiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.BB.BB.BB] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

12 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

13 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

14 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir 2 | Fás inbhuanaithe: acmhainní nádúrtha |
|---|---|---|

| AS: MARE | | | **2022** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|
| •Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | |
| Líne bhuiséid[15] 08 05 01 | Gealltanais | (1a) | 0,288 | **0,288** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0,288 | **0,288** |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[16] | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | |
| **IOMLÁN na leithreasuithe i gcomhair AS MARE** | Gealltanais | =1a+1b +3 | | |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b +3 | | |

15 De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

16 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0,288 | **0,288** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,288 | **0,288** |
| •IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | | |
| **IOMLÁN na leithreasuithe le haghaidh CHEANNTEIDEAL 2** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | 0,288 | **0,288** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 0,288 | **0,288** |

**<u>Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an roinn thuas arís:</u>**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| •IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | | |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+ 6 | 0,288 | **0,288** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 0,288 | **0,288** |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 5 | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na 'sonraí buiséid de chineál riaracháin' atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críoch comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | **2020** | **2021** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|
| AS: MARE | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | | |
| • Caiteachas eile riaracháin | | | | |
| **IOMLÁN AS** MARE | Leithreasuithe | | | |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | **2022** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | **0,288** | **0,288** |
| | Íocaíochtaí | **0,288** | **0,288** |

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩ | | | | | | | 2022 | | IOMLÁN | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Cineál[17] | Meán chostas | Uimhir | Costas | Uimhir | Costas | Uimhir | Costas | Uimhir | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[18]... | | | | | | | | | | | |
| - Rochtain | Bliantú | | | | | | | 0,110 | | | 0,110 |
| - Earnáil an | Bliantú | | | | | | | 0,110+ 0,068 | | | 0,178 |
| - Aschur | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | 0,288 |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2 ... | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | 0,288 |

17 Táirgí agus seirbhísí atá le soláthar atá sna haschuir (e.g. líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

18 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

X Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin.

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N**[19] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5[20] of the multiannual financial framework** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | |

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht ar sannadh bainistíocht an bhirt dóibh cheana agus/nó ar ath-imscaradh iad laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a dheonú don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil agus i bhfianaise na srianta buiséadacha.

19 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Cuir an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

20 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

X Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist sa phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| XX 01 05 01/11/21 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 01/11 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| **• Foireann sheachtrach (i gCoibhéis Lánaimseartha: FTE)**[21] | | | | | | | |
| XX 01 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | | |
| XX 01 02 02 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| **XX** 01 04 **bb**[22] - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| **XX** 01 04 **bb**[22] - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| **XX** 01 05 02/12/22 (AC, END, INT – Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 02/12 (AC, END, INT – Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Comhlíonfaidh baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht ar sannadh bainistíocht an bhirt dóibh cheana agus/nó a ath-imscaradh laistigh den Ard-Stiúrthóireacht na ceanglais acmhainní daonna, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a dheonú don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil agus i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach | Cur chun feidhme an Phrótacail lenar cuireadh síneadh (íocaíochtaí, rochtain ag soithí de chuid an Aontais ar uiscí Phoblacht Oileán Mhuirís, próiseáil údaruithe iascaireachta), ullmhú agus obair leantach na gComhchoistí, ullmhúchán i gcomhair athnuachan an Phrótacail, meastóireacht sheachtrach, nósanna imeachta reachtacha, caibidlíocht. |
| Foireann sheachtrach | Cur chun feidhme an Phrótacail lenar cuireadh síneadh: teagmháil le húdaráis Phoblacht Oileán Mhuirís chun go mbeidh rochtain ag soithí de chuid an Aontais ar uiscí Phoblacht Oileán Mhuirís, próiseáil údaruithe iascaireachta, ullmhú agus obair leantach na gComhchoistí, go háirithe cur chun feidhme na tacaíochta earnála. |

21 AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT = Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

22 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

X is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí ath-imscaradh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI).

Baineann sé sin le húsáid na líne cúltaca (Caibidil 40).

☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

☐ tá gá le hathbhreithniú ar CAI.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

X ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú ag tríú páirtithe

☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú ag tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N**[23] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

23 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Cuir an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais atá ann faoi láthair | Tionchar an togra/tionscnaimh[24] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| |

[24] A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis 20 % de na costais bhailiúcháin a bhaint astu.